# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

23 Márta 2023 || Eagrán 139

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com**



# GAELCHARA 2023

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí Gaeilge líofa, nó cainteoirí dúchais, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge le páirt a ghlacadh sa chéad bhabhta eile den scéim *Gaelchara*. Is éard atá i gceist leis an scéim ná go gcuirtear cainteoir dúchais/líofa le chéile le foghlaimeoir - casann an bheirt le chéile, ar bhonn sóisialta, go rialta leis an nGaeilge a labhairt. Tugann an scéim deis d'fhoghlaimeoirí níos mó Gaeilge a úsáid, agus a fhoghlaim. Tugann an scéim deis do chainteoirí líofa/dúchais na scileanna teanga atá acu, chomh maith leis an saibhreas teanga atá acu a chur ar aghaidh go duine éigin eile, atá ag cur futhu sa bpobal. Iarrtar ar an bpéire casadh le chéile go rialta thar trí mhí, nó ar feadh 30 uair an chloig - cibe sprioc a bhaintear amach ar dtús! Ag deireadh na scéime, cuirtear €250 an duine ar fáil don fhoghlaimeoir agus don chainteoir dúchais/líofa. Chomh maith le sin, tagann na 'Gaelchairde' uilig le chéile ag deireadh na scéime leis an obair agus éacht atá bainte amach acu a cheiliúradh ar bhonn sóisialta. Bronnfar teastais ar na rannpháirtithe ag an ócáid freisin. Is féidir clárú don scéim leat féin - mar fhoghlaimeoir nó mar 'mheantóir', nó is féidir clárú le chéile, mar phéire. An t-aon choinníoll a bhaineann leis an scéim ná nach bhfuil aon ghaol fola nó pósta idir an bheirt. Ba bhreá linn cloisteáil ó chainteoirí líofa, chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí le páirt a ghlacadh sa scéim i mbliana. Go dtí seo tá dhá scór duine 'théis an scéim a dhéanamh linn agus aiseolas thar a bheith dearfach faighte againn uathu - agus roinnt cairde nua déanta fiú! Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó clárú don scéim ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294

# GAELCHARA

## - CHOIS FHARRAIGE -

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?
Ar mhaith leat cuidiú le duine eile a gcuid Gaeilge a fheabhsú?
An bhfuil cónaí ort i gCois Fharraige?

Tá tú uainn!!
Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar
(a) **fhoghlaimeoirí Gaeilge**
(b) **chainteoirí líofa Gaeilge**
le bheith páirteach sa scéim **Gaelchara**

Oibreofar in éindí lena chéile, leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal.

Bronnfar **€250** an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir.

Tá tuilleadh eolais agus an fhoirm iarratais ar fáil ó:
**optchoisfharraige@gmail.com** nó **083 010 6294**

# SEACHTAIN NA GAEILGE AG COLÁISTE CHOLMCILLE

**Cuireadh tús bríomhar le himeachtaí Sheachtain na Gaeilge le ceardlann amhránaíochta ceoltíre leis an amhránaí aitheanta Aoife Ní Chonghaile atá sa mbanna ceoil Ceann Golaim. Chas siad roinnt mhaith amhráin le hAoife ina measc amhrán na mBáid Mhóra, amhrán Leeds agus amhrán Choil Learaí. Thug ceann de dhamhsóirí cháiliúla na nDubhán - Julia ceardlann damhsa sean nóis do dhaltaí bhliain a haon agus dó. D'fhoghlaim siad neart steipeanna uaithi. Ghlac an tríú bliain páirt i gceardlann aisteoireachta le haisteoir de chuid Ros na Rún, Caitríona Ní Dhomhnaill. Mar aon leis na cuairteoirí iontacha eile, bhí an t-ádh linn gur thug Julie Anne de Brún, gníomhaí teanga as Maigh Cuilinn cuairt orainn agus bhronn sí duaiseanna ar scoláirí le haitheantas a thabhairt ar a gcuid sáriarrachta sna ceardlainn go léir. Lena chois sin, eagraíodh comórtas scéalaíochta agus bronnadh Corn Chiaráin Uí Chon Cheanainn ar Isabella Ní Choistealbha. Chum sí scéal faoi chailín dofheicthe agus fágadh an léitheoir ag fiosrú an raibh an cailín seo beo nó marbh ar deireadh. Idir amhráin, aisteoireacht, steipeanna is neart scéalta, bhain muid uilig neart taitnimh as an gceiliúradh.**





Aonad 10a, Eastát Fiontraíocht Chasla,
Conamara, Co na Gaillimhe

Clár na gCluichí Gaelacha
Cumann Lúthchleas Gael

# Campa na Cásca

# Peil,
# *Íománaíochta &
# Liathróid Láimhe

**Ranganna 2-6 €25**

**11,12 & 13ú Aibreán 2023**
**(10.30r.n.—1.30 i.n)**

## Páirc An Spidéil

Breis eolais ach glaoch ar
Teil: 091-506798/ 087 772 7348
Ríomhphost: clarnagcluichigaelacha@gmail.com

Aonad 10a, Eastát Fiontraíocht Chasla,
Conamara, Co na Gaillimhe

# Campa na Cásca

# Peil,
# *Íománaíochta &
# Liathróid Láimhe

**Ranganna 2-6 €25**

**4,5,6ú Aibreán 2023**
**(10.30r.n.—1.30 i.n)**

## Páirc Mhicheál Breathnach

Breis eolas ach glaoch air
Teil: 091-506798/ 087 772 7348
Ríomhphost: clarnagcluichigaelacha@gmail.com

# LÁ'L PÁDHRAIC AR AN SPIDÉAL

**Thart ar 26 grúpa a ghlac páirt sa bparáid ar Lá 'L Pádhraic sa Spidéal agus bhí os cionn 1,000 duine bailithe sa sráidbhaile ag breathnú ar an bparáid ag dul siar chomh fada le Bothúna agus ag tíocht aniar aríst. An Coiste Turasóireachta, atá ag feidhmiú faoi choimirce Chomhlacht Forbartha an Spidéil, a bhí i mbun an eagrúcháin. Ba mhór an mhaith go raibh an aimsir go breá agus gur fhan sé tirim an fhad is a bhí an paráid ar bun. Bhí flótanna curtha le chéile ar théamaí éagsúla ag na bailte: Scannáin na hÉireann ag na Oscars an téama ba choitianta. Ag siúl ag ceann an pharáid bhí Naomh Pádraig (John Lesh) agus Naomh Bríd (Sheila McCrann). Mar is iondúil, bhí suas le 50 cailíní ó Chumann Camógaíochta Chois Fharraige ag máirseáil lena gcamán. Tugadh bualadh bos speisialta don flót a bhí ag muintir na hÚcráine a theith ón gcogadh ina dtír dúchais agus atá ag cur fúthu in Óstán na Páirce le bliain anois. Tugadh dhá dhuais amach ag deireadh an pharáid: Baile an tSléibhe agus An Coileach don flót is barúla; Liopa agus An Pháirc don flót ba Ghaelaí. Bronnadh duais chomh maith ar an gCógaslann don siopa is fearr a bhí deisithe don lá. Tar éis an pharáid d'fhan daoine thart ar an sráidbhaile agus bhí neart ceoil le cloisteáil sna tithe tábhairne.**






# COMÓRTAS LITEARTHA AN OIREACHTAIS

**Tá an tOireachtas ag glacadh anois le hiarratais do Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2023. Tá tríocha haon (31) comórtas ar chlár na bliana seo – cúig déag (15) acu sin dírithe ar scríbhneoirí fásta agus sé déag (16) dírithe ar scríbhneoirí óga. Tá réimse leathan seánraí ar an siollabas comórtais: úrscéal; gearrscéal; ficsean d'fhoghlaimeoirí fásta; prós; filíocht; iriseoireacht; greannán; agus drámaíocht ina measc. Cuirfear duaischiste ar fáil do gach comórtas agus níos tábhachtaí fós, cuirfidh an painéal moltóirí aiseolas luachmhar ar fáil do na scríbhneoirí ar a gcuid saothar – aiseolas a chabhróidh le forbairt, bláthú agus scileanna scríbhneoireachta na scríbhneoirí. Is féidir iarratas a chur isteach ar líne ag an nasc seo: www.antoireachtas.ie nó is féidir cóip den fhoirm iarratais a fháil ó Oifig an Oireachtais agus í a sheoladh chuig: Comórtais Liteartha an Oireachtais 2023, Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe, H91 XP6E. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Sathairn 1 Iúil 2023.**



STIÚIDEO Cuan

# Féasta Ceoil an Spidéil '23

## Spring Concert Series 2023

24.02 Téada
10.03 Líadan
17 & 18.03 Paddy Keenan
23.03 Slide
24.03 The Bonny Men
25.03 Skipper's Alley
06.04 Raw Bar Collective
07.04 Na Casaidigh
20.04 Altan
21.04 T With The Maggies
19.05 Cherish The Ladies

www.stiuideocuan.ie

An Spidéal, Co na Gaillimhe

# CLUB CLEITE

**Cuirfidh Fighting Words tús le 'Club Cleite' go luath - cúrsa scríbhneoireachta do dhéagóirí idir 13-18. Mairfidh an cúrsa sé seachtaine ón 20ú Aibreán - 25 Bealtaine. Beidh na seisiúin ar siúl go seachtainiúil @ 5i.n. ar an Déardaoin agus mairfidh chuile sheisiún uair an chloig. Leanfaidh an grúpa ag castáil lena chéile i rith an tSamhraidh ar bhonn míosúla. Díreoidh na seisiúin ar am agus deis a thabhairt do dhéagóirí peann a chur le páipéar, i spás cruthaitheach agus spreagúil chomh maith le treoir agus aiseolas pearsanaithe a fháil ó áisitheoir sainiúil agus ó na rannpháirtithe eile. Beidh nodanna agus cleachtaí sna seisiúin, chomh maith le cluichí agus comhrá. Tá sé oscailte d'aon duine le suim acu sa scríbhneoireacht, ó dhaoine a bhfuil rud éigin foilsithe acu cheana go daoine atá díreach ag bualadh faoi! Beidh baill 'Club Cleite' in ann scríobh in aon seánra, idir fhilíocht, gearrscéalta, obair ar úrscéal, ficsean grafach, drámaí, script scannáin, agus gach uile sort scriobláil eile! Is féidir foirm chlárúcháin a líonadh anseo: https://www.fightingwords.ie/club-cleite-foirm-chlaruchain nó is féidir teagmháil a dhéanamh le (0)1 894 4576**




# SEÓ FAISIN

Tá seó faisin á reáchtáil ag Comharchumann Sailearna ar an Aoine 28 Aibreán i Sheanscoil Sailearna. Éadaí ón siopa *Scéal Eile* a bheás á thaispeáint ag mainicíní áitiúla, ar aon oíche. 'Sí Máire Bríd Ní Chualáin a bheas ina bhean an tí ar an oíche. Cuirfear tús leis an spóirt 's spraoi @ 8i.n. Is féidir ticéad a cheannach ar €5 - caithfear spás a chur in áirithe, ach ticéad a cheannach, roimhré. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Yvonne ag 091 399 199 le tuilleadh eolais a fháil. Oíche shóisialta a bheas ann, cuirfear sóláistí ar fáil agus beidh crannchur chomh maith! Scaip an scéal!



# MAIDIN CHAIFE AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Tá maidin chaife á reáchtáil ag Coláiste Cholmcille ar an 24 Márta 2023. Lá Lus an Chromchinn a bheas ann ar an lá, mar sin, cuirfear an t-airgead a bhaileofar ar an lá ar aghaidh ag Cumann Ailse na hÉireann le tacú leis an obair thábhachtach a bhíonn ar siúl acu. Cuireann Coláiste Cholmcille fáilte roimh an bpobal ag an ócáid idir 10 agus meán lae. Beidh raifil agus díolacháin cácaí ar an lá chomh maith.



# 'BIG MAGGIE'

Bhí gach suíochán tógtha in Amharclann Chois Fharraige (Seanscoil Sailearna) ar an Domhnach seo caite nuair a léiríodh an dráma láidir 'Big Maggie', le John B. Keane, don tríú oíche as a chéile. Bhí an dráma láidir aistrithe go Gaeilge chraicneach Chonamara ag Bridie Ní Churraoin, a bhí sa bpríomhpháirt sa dráma. Bhí an dráma á chur ar stáitse ag Cumann Drámaíochta Chois Fharraige agus á léiriú ag Eoghan Ó Riada. Cé gur grúpa amaitéarach é Cumann Drámaíochta Chois Fharraige ní raibh aon amaitéaracht ag baint leis an léiriú ach é ar chaighdeán chomh maith is a d'fheicfeá déanta ag compántas proifisiúnta. Bhí togha na n-aisteoirí páirteach sa dráma: bhí Bridie Ní Churraoin cumasach mar 'Big Maggie', a bhí ag fáil seans smacht a chur ar a saol agus ar shaol a clainne fásta nuair a fágadh í ina baintreach agus i gceannas ar shiopa a fhir chéile. I measc na n-aisteoirí eile a sheas amach bhí Marie Bheag Breathnach mar a hiníon Katie, ar theip uirthi an ceann is fearr a fháil ar a máthair agus a raibh uirthi an fear a bhí pioctha ag a máthair di a phósadh sa deireadh. Bhí Colm Joe Coleman Mac Donncha thar






barr mar Mr Byrne, adhlacóir a raibh nóisean aige go bhféadfadh sé an bhaintreach is a gnó a bheith aige féin. Bhí Rónán Ó Curraoin an-nádúrach ina pháirt mar fhear gnó nó 'traveller', mar a thugtaí orthu ag an am, ag dul thart ar na siopaí faoin tuath ag glacadh ordaithe uathu. I measc na n-aisteoirí eile ar an stáitse, agus gach duine acu thar barr, bhí Meadhbh Ní Scanláin is a deartháir Séamus, Colm Darby Ó Fátharta, Seosaimhín Ní Shuilleabháin, Máire Ní Mháille, Coleman Seoighe agus Máirín Mhic Lochlainn. Bhí an seit an-chliste, é ina reilig ag tús an dráma agus ina shiopa don chuid eile. Dara McGee a rinne an dearadh agus Tomás Ó Domhnaill a thóg an seit. Ba é Pádraic Ó Flatharta a bhí i mbun fuaime is soilsiú.

# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Tá an ITT sa tóir ar Leas-Bhainisteoir Cúraim Leanaí agus ar Riarthóir Airgeadais & Oifige faoi láthair. Ní mór d'iarrthóirí taithí agus cáilíocht Leibhéal 6 nó níos airde i gCúram Leanaí a bheith acu. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge de chaighdeán maith ag iarrthóirí. Tuilleadh eolais ar fáil ag ittancranntaca@gmail.com

# SCÉIM EALAÍONTÓIRÍ I SCOILEANNA 2023

Tá Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna oscailte anois. Is scéim de chuid Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe í a chuireann maoiniú ar fáil d'ealaíontóirí chun oibriú i mbunscoileanna agus meánscoileanna na Gaillimhe. Is é cuspóir na scéime seo ná taithí a thabhairt do scoileanna a bheith ag obair i gcomhar le healaíontóirí gairmiúla ar thionscadail cruthaitheacha. Is féidir níos mó eolais a fháil ag 091 509 000.



# CONTEMPO SNA FORBACHA

**Cuirfidh Ceathairéad ConTempo ócáid cheoil agus fhilíochta i láthair i séipéal Réalt na Mara sna Forbacha ar an Domhnach 2 Aibreán ag 3.30 san iarnóin. Ceol cáiliúil Cásca le Joseph Haydn atá fite le míreanna filíochta le Mark Strand a bheas sa machnamh Cásca seo. Tá cáil mhór ar an ConTempo Quartet, ensemble cónaitheach de chuid Cónaitheacht Ceoil na Gaillimhe, as a gcuid saothair nuálacha agus iad i mbun ceoil san iarthar anois le os cionn scór bliain. D'iarr siad ar John Caulfield leagan Gaeilge a dhéanamh de shaothar Mark Strand agus thug siad cuireadh d'Aisteoirí an Spidéil a bheith i bpáirt leo don léiriú eisiach seo de na Seacht bhFocal Dheireanacha sna Forbacha. Tá an imeacht saor in aisce ach moltar ticéid a chur in áirithe roimh ré ar shuíomh Eventbrite nó ar shuíomh Galway Music Residency, ach: "ConTempo Countywide Cois Fharraige: Seven Last Words" a chuardach.**



